
# Plandáil Uladh: Foinsí agus Fianaise a Bhaineann le lonnaíocht in Éirinn

## A: Amlíne:

Scríobh isteach dhá imeacht (a bhaineann leis an méid a tharla le linn na Plandála) a tharla sular thit Plandáil Uladh amach, ar an amlíne thíos. D'fhéadfadh na himeachtaí a bheith bainteach le stair na hÉireann/stair na hEorpa:




1: Roghnaigh ceann amháin de na himeachtaí a luaigh tú, thuas, agus déan cur síos ar an gcaoi ar imir an t-imeacht sin tionchar ar Phlandáil Uladh/ar an gceangal idir an t-imeacht sin agus Plandáil Uladh.

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

2: Cén aidhm a bhí le Plandáil Uladh?

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

3: Cén rí/banríon a d'ordaigh Plandáil Uladh? ______________________________________

## B: Ceisteanna Cuimhne, Ceisteanna Anailíse agus Ceisteanna Tuisceana

**Thíos, tá sliocht as *Treoir do Phlandáil Uladh 1610* (*A Direction for the Plantation of Ulster*), treoracha agus tuairimí Thomas Blennerhasset, plandálaí in Uladh, faoin gcur chuige is fearr le tailte Uladh a chur faoi chois.**

---

> *...Cé nach bhfuil naimhde le feiceáil i láthair na huaire, tá ceithearnaigh choille (woodkerne - Gaeil ina gcónaí sna coillte) agus eile amuigh ansin. Agus, cé go gcuireann siad cuma chairdiúil orthu féin anois, is bagairt mhór iad. Má tá an deis acu, cuirfidh siad rud ar bith trí thine agus goidfidh siad an uile ní timpeall orthu. Ar bharr orthu siúd, tá dhá rud eile a chuireann le sotal (insolence) na gceithearnach sin: coillte doshroichte agus portaigh dhosháraithe... Céard gur féidir le caisleán nó bábhún beag le cúpla duine iontu, scaipthe timpeall na háite, a dhéanamh?... Céard gur chóir dúinn a dhéanamh? Ba chóir dúinn, dar ndóigh, bailte daingnithe láidre a thógáil, le go mbeidh cúig chéad fear na n-arm réidh againn le tabhairt faoi dhúshlán ar bith: Agus ní leor an baile sin gan ceann eile, agus is fearr go mbeidh, más féidir linn é a thógáil, an tríú baile ann: agus mar sin, beidh tacaíocht agus cúnamh ar fáil ar gach aon taobh don chosaint agus don ionsaí...*

---

**(foinse: Leabharlann Náisiúnta na hÉireann – is féidir leagan Béarla den sliocht thuas a léamh ar líne, ar encyclopedia.com.**

1: Déan cur síos ar dhá rud a bhí mar dhúshlán do na plandálaithe in Uladh, dar le Blennerhasset.

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

2: Céard nach gcabhródh go mór le Plandáil Uladh, dar le Blennerhasset?

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

3: Céard gur chóir a dhéanamh le Plandáil Uladh a neartú agus a chur i gcrích, dar le Blennerhasset?

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________


4: Ainmnigh agus déan cur síos gairid ar lonnaíocht cathrach a rinneadh le linn Plandáil Uladh

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

5: Scríobh aiste ghairid ar na fáthanna ar éirigh go maith le Plandáil Uladh (luaigh ceithre fháth, ar a laghad)

## Ceist Taighde



Ballaí Dhoire – tógadh na ballaí seo idir 1613 agus 1615

Is ballaí an-stairiúil iad ballaí na cathrach i nDoire. Déan taighde (i d’aonar nó i ngrúpa) ar bhallaí Dhoire ar líne. Mar chuid den aiste/cur i láthair a dhéanfaidh tú ar bhallaí Dhoire, freagair na ceisteanna seo:

- Cén fáth ar tógadh na ballaí ar dtús?
- Cé a thóg na ballaí?
- Cé a bhí ina gcónaí taobh istigh de na ballaí nuair a rinneadh iad?
- An féidir leat cur síos a dhéanamh ar dhá uair ina raibh ról mór tábhachtach ag na ballaí seo in imeachtaí stairiúla na cathrach seo? (imeacht amháin sa 17ú haois agus imeacht amháin eile sa 20ú haois)